



---

*Uimhir 34 de 1998*

---

**AN tACHT UM FHORBAIRT TIONSCAIL (FIONTRAÍOCHT  
ÉIREANN), 1998**

---

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus comhlua.
2. Léiriú.
3. An lá bunaithe.
4. Aisghairm.
5. Caiteachais.

CUID II

FIONTRAÍOCHT ÉIREANN.

6. Fiontraíocht Éireann a bhunú.
7. Feidhmeanna na Gníomhaireachta.
8. Treoracha ón Aire chuig an nGníomhaireacht.
9. Comhaltas de Bhord na Gníomhaireachta agus téarma oifige comhaltaí.
10. Cathaoirleach an Bhoird.
11. Cruinniú den Bhord.
12. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.
13. Príomhoifigeach feidhmiúcháin na Gníomhaireachta.
14. Coistí.
15. Leasanna a nochtadh.
16. Faisnéis a nochtadh.

Alt

17. Séala na Gníomhaireachta.
18. Foireann na Gníomhaireachta agus fhochuideachtaí na Gníomhaireachta.
19. Foireann Forfás ar iasacht chuig an nGníomhaireacht.
20. Aoisliúntas.
21. Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.
22. Tuarascáil bhliantúil agus cuntais.
23. Faisnéis don Aire agus do Forfás.
24. Áitreabh na Gníomhaireachta.

### CUID III

#### FORBAIRT AGUS AN BORD TRÁCHTÁLA A DHÍSCAOILEADH AGUS FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

25. Forbairt agus an Bord Tráchtála a dhíscaoileadh.
26. Sócmhainní agus dliteanais Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) agus an Bhoird Tráchtála a aistriú.
27. Sócmhainní agus dliteanais Forbairt a bhaineann leis an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí a aistriú.
28. Conarthaí leanúnacha áirithe a bhuanú agus tagairtí do Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) nó don Bhord Tráchtála a oiriúnú.
29. Conarthaí leanúnacha áirithe a bhaineann leis an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí a bhuanú.
30. Cosaint do ghníomhartha áirithe.
31. Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.
32. Cuntais chríochnaitheacha.

### CUID IV

#### DEONTAIS AGUS GREASACHTAÍ TIONSCAIL.

33. Deontais do Forfás, do GFT agus do Fiontraíocht Éireann.
34. Greasachtaí Tionscail.
35. Deontais do Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta.

CUID V

FOIREANN NA GNÍOMHAIREACHTA FORBARTHA TIONSCAIL (ÉIRE)

Alt

36. Foireann GFT agus fhochuideachtaí GFT.
37. Foireann Forfás ar iasacht chuig GFT.
38. Aoisliúntas.

CUID VI

NITHE A BHAINNEANN LE FORFÁS AGUS LE GFT

39. Foireann an Bhoird Tráchtála a aistriú chuig Forfás.
40. Foireann an Fhorais a aistriú chuig Forfás.
41. Leasanna a nochtadh i ndáil le Forfás nó le GFT.
42. Cionta achoimre a ionchúiseamh.

CUID VII

LEASÚ AR NA hACHTANNA UM FHORBAIRT TIONSCAIL, 1986 GO 1995

43. Leasú ar alt 28 d'Acht 1986.
44. Leasú ar "Gníomhaireacht" etc., in Acht 1993.
45. Leasú ar fheidhmeanna Forfás.
46. Coistí de chuid Forfás agus GFT.
47. Leasú ar Sceidil a ghabhann le hAcht 1993.
48. Leasú ar Acht 1995.

CUID VIII

NITHE A BHAINNEANN LEIS AN tSEIRBHÍS MHÉADREOLAÍOCHTA DLÍ  
AGUS LEIS AN ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

49. Leasú ar an Acht Méadreolaíochta, 1996.
50. Foireann Forfás a aistriú chuig an ÚCNÉ.
51. Leasú ar an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

CUID IX

FOLÚNTAIS AR FHOIREANN FORFÁS, FIONTRAÍOCHT ÉIREANN, GFT NÓ  
AN ÚCNÉ.

52. Folúntais a líonadh ar fhoireann Forfás, Fiontraíocht Éireann, GFT nó an ÚCNÉ.

AN SCEIDEAL

NA hAchtacháin a Aisghairtear

---

NA hAchtanna dá dTagraítear

Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990	
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986	1986, Uimh. 9
An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1993	1993, Uimh. 19
An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1995	1995, Uimh. 28
Na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 go 1995	
An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 1991	1991, Uimh. 30
An tAcht Méadreolaíochta, 1996	1996, Uimh. 27
Na hAchtanna Méadreolaíochta, 1980 go 1996	
An tAcht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996	1996, Uimh. 28
Na hAchtanna um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta, 1959 go 1995	
An tAcht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta (Leasú), 1986	1986, Uimh. 20



---

*Uimhir 34 de 1998*

---

**AN tACHT UM FHORBAIRT TIONSCAIL (FIONTRAÍOCHT ÉIREANN), 1998**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE MAIDIR LE TIONSCAL, TRÁDÁIL AGUS FIONTRAÍOCHT A FHORBAIRT AGUS CHUN NA CRÍCHE SIN DO BHUNÚ GNÍOMHAIREACHTA DE CHUID FORFÁS AR A dTABHARFAR FIONTRAÍOCHT ÉIREANN, DO MHÍNIÚ A FEIDHMEANNA, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE FORBAIRT AGUS AN BORD TRÁCHTÁLA — THE IRISH TRADE BOARD A DHÍSCAOILEADH, DO LEASÚ NA hACHTANNA UM FHORBAIRT TIONSCAIL, 1986 GO 1995, AN ACHTA UM CHUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAM NA SIONNA TEORANTA (LEASÚ), 1986, AN ACHTA MÉADREOLAÍOCHTA, 1996, AGUS AN ACHTA FÁN ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN, 1996, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [13 *Iúil*, 1998]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus comhlua.

(2) Féadfar na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 go 1998, a ghairm de na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 go 1995, agus den Acht seo (seachas *Cuid III* a mhéid a bhaineann an Chuid sin leis an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí, *alt 35* agus *Cuid VIII*) le chéile.

(3) Féadfar na hAchtanna um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta, 1959 go 1998, a ghairm de na hAchtanna um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta, 1959 go 1995, agus *d'alt 35* den Acht seo le chéile.

(4) Féadfar na hAchtanna Méadreolaíochta, 1980 go 1998, a ghairm de na hAchtanna Méadreolaíochta, 1980 go 1996, agus de *Chuid III* a mhéid a bhaineann an Chuid sin leis an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí, agus *d'alt 49* le chéile.

(5) Féadfar na hAchtanna fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 agus 1998, a ghairm den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, agus *d'ailt 50* agus *51* le chéile.

2.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—  
ciallaíonn “Acht 1986” an tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986;  
ciallaíonn “Acht 1993” an tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1993;  
ciallaíonn “Acht 1995” an tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1995;  
ciallaíonn “an Ghníomhaireacht” Fiontraíocht Éireann a bhunaítear faoi *alt 6*;  
ciallaíonn “an Bord Tráchtála” an Bord Tráchtála — The Irish Trade Board;  
ciallaíonn “an Foras” an Foras Áiseanna Saothair;  
ciallaíonn “an Bord” i *gCuid II*, Bord na Gníomhaireachta;  
ciallaíonn “an príomhoifigeach feidhmiúcháin” príomhoifigeach na Gníomhaireachta a cheapfar faoi *alt 13*;  
ciallaíonn “an lá bunaithe” an lá a cheapfaidh an tAire faoi *alt 3* chun bheith ina lá bunaithe;  
foláíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais agus foláíonn tagairt do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairtí d’fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhlíonadh na ndualgas;  
ciallaíonn “GFT” an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire);  
ciallaíonn “an tAire” an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;  
ciallaíonn “an ÚCNÉ” an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann;  
ciallaíonn “ceardchumann agus comhlachais aitheanta” na ceardchumann agus na comhlachais foirne a bheidh aitheanta ag Forfás, ag an nGníomhaireacht, ag GFT nó ag an ÚCNÉ, de réir mar a bheidh, chun críche caibidlí a bhaineann le haistriú foirne chuig Forfás, chuig an nGníomhaireacht, chuig GFT nó chuig an ÚCNÉ, de réir mar a bheidh, chomh maith le luach saothair, coinníollacha fostaíochta nó dálaí oibre fostaithe;  
foláíonn “luach saothair” liúntais i leith caiteachas, sochair chomhchineáil agus aoisliúntas;  
ciallaíonn “fochuideachta” i *gCuid II*, fochuideachta arna fáil nó arna foirmiú agus arna clárú ag an nGníomhaireacht de bhun *alt 5* d’Acht 1995;  
ciallaíonn “sochair aoisliúntais” pinsin, aiscí agus liúntais eile is iníoctha ar éirí as, ar scor nó ar bhás.

(2) San Acht seo—

- (a) aon tagairt d’alt nó do Chuid, is tagairt í d’alt nó do Chuid den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,
- (b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhomhír, is tagairt í d’fho-alt, do mhír nó d’fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus
- (c) forléireofar tagairt d’achtachán mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon

[1998.] *An tAcht um Fhorbairt Tionscail* [Uimh. 34.]  
(*Fiontraíocht Éireann*), 1998.

achtachán ina dhiaidh sin lena n-áirítear an tAcht seo, nó Cd.I A.2  
faoi.

3.—Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina An lá bunaithe.  
lá bunaithe chun críocha an Achta seo.

4.—Aisghairtear leis seo gach achtachán a luaitear i *gcolún (2)* den Aisghairm.  
*Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo, le héifeacht ón lá bunaithe, a  
mhéid a shonraítear os comhair an lua sin i *gcolún (3)* den *Sceideal*  
sin.

5.—Déanfar na caiteachais a thabhoíd an tAire ag riaradh an Caiteachais.  
Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as  
airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

## CUID II

### FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

6.—(1) Beidh arna bunú ar an lá bunaithe gníomhaireacht de Fiontraíocht  
chuid Forfás ar a dtabharfar Fiontraíocht Éireann chun na Éireann a bhunú.  
feidhmeanna a shanntar di leis an Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Beidh an Gníomhaireacht ina comhlacht corpraithe agus  
comharbas suthain agus séala oifigiúil aici agus beidh cumhacht  
agartha aici agus beidh sí inagartha faoina hainm corpraithe agus  
beidh cumhacht aici talamh nó leas i dtalamh a fháil, a theachtadh  
agus a dhiúscairt agus aon mhaoin eile a fháil, a theachtadh agus a  
dhiúscairt.

7.—(1) Is iad feidhmeanna na Gníomhaireachta—

Feidhmeanna na  
Gníomhaireachta.

- (a) tionscal agus fiontraíocht a fhorbairt sa Stát,
- (b) margú earraí a chur chun cinn, cabhrú leis sin agus é a  
fhorbairt,
- (c) margú tionscal seirbhíse (de réir bhrí Acht 1986) a chur chun  
cinn, cabhrú leis sin agus é a fhorbairt,
- (d) cabhrú le fiontair maidir le straitéis a mheasúnú agus a  
cheapadh,
- (e) forbairt a dhéanamh ar bhonn teicneolaíochta fiontar agus  
ar a gcumas chun nuáil a dhéanamh agus chun taighde,  
forbairt agus dearadh a ghabháil de láimh,
- (f) an bonn scileanna sa tionscal a neartú,
- (g) seirbhísí a chur ar fáil a thugann tacaíocht d'fhorbairt den  
sórt sin,
- (h) infheistíochtaí a dhéanamh i ngnóthais tionscail a  
chomhlíonann ceanglais na n-achtachán a bheidh i  
bhfeidhm de thuras na huairé agus tacaíochtaí a chur ar  
fáil dóibh,
- (i) cibé scéimeanna, deontais agus saoráidí airgeadais eile a  
riaradh ar gá eisíoc a dhéanamh ina leith ar chistí de  
chuid an Aontais Eorpaigh agus ar cibé cistí eile a

Cd. II A.7

údaróidh an tAire ó am go ham le comhthoilíú an Aire Airgeadais,

(j) iarratas a dhéanamh ar aon trádmarcanna, ceadúnais, cosaintí nó lamháiltais i dtaca le trádáil nó le margú earraí nó seirbhísí, agus na nithe sin a fháil, sa Stát nó in áit eile, agus i ndáil leis an méid sin, na rudaí sin go léir a dhéanamh a mheasann an Gníomhaireacht is gá nó is inmhianaithe chun críocha a feidhmeanna,

(k) cibé feidhmeanna eile a dhéanamh a shannfaidh Forfás di ó am go ham, le toiliú an Aire.

(2) Beidh ag an nGníomhaireacht na cumhachtaí sin go léir is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo nó atá teagmhasach leis sin.

(3) Féadfaidh an Gníomhaireacht aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh trí chomhalta dá foireann nó trí chomhalta d'fhoireann Forfás a bheidh ar iasacht chuici agus a bheidh údaraithe go cúí ag an nGníomhaireacht chuige sin.

(4) Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo den Acht seo mar ní a dhéanann difear d'fheidhmeanna láithreacha aon Aire den Rialtas i ndáil le honnmhairí, nó a chuireann teorainn leo, in aon slí.

(5) Maidir le margú aon earraí nó seirbhísí a chur chun cinn, cabhrú leis sin nó é a fhorbairt, agus maidir le haon earraí nó seirbhísí a chur chun cinn, is earraí nó seirbhísí a bhfeidhmíonn Aire den Rialtas aon fheidhm i ndáil leo, gníomhóidh an Gníomhaireacht i gcomhairle leis an Aire sin den Rialtas.

Treoracha ón Aire chuig an nGníomhaireacht.

**8.—**(1) Féadfaidh an tAire cibé treoracha ginearálta beartais a thabhairt don Gníomhaireacht a mheasfaidh sé nó sí gur cúí go leanfadh an Gníomhaireacht iad i bhfeidhmiú a feidhmeanna.

(2) Ní bhainfidh treoir faoi *fho-alt (1)* le haon ghnóthas tionscail aonair ná le tosaíocht a thabhairt do limistéar amháin ar limistéir eile i dtaobh suímh gnóthais tionscail seachas mar chuid d'athbheithniú ginearálta ar bheartas tionscail don tír iomlán a chuirfear in iúl sa treoir.

(3) Cuirfidh an tAire faoi deara aon treoir a thabharfaidh sé nó sí faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 21 lá tar éis í a thabhairt amhlaidh.

(4) Déanfaidh an Gníomhaireacht aon treoir a thabharfar di faoin alt seo a chomhlíonadh agus déanfaidh sí an treoir a leagan amach ina tuarascáil bhliantúil agus áireoidh sí ina tuarascáil bhliantúil cuntas ar na bearta a bheidh déanta aici chun éifeacht a thabhairt don treoir.

(5) San alt seo folaíonn “gnóthas tionscail” gnóthas atá coimhdeach do thionscal agus tionscal seirbhíse (de réir bhrí Acht 1986).

Comhaltas de Bhord na Gníomhaireachta agus téarma oifige comhaltaí.

**9.—**(1) Is iad comhaltaí na Gníomhaireachta Bord na Gníomhaireachta.

(2) 12 comhalta a bheidh ar an mBord.

(3) Áireofar an príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an mBord.



(4) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, comhaltaí an Bhoird (seachas an príomhoifigeach feidhmiúcháin) a cheapadh a luaithe is féidir tar éis an lae bunaithe. CD. II A.9

(5) Ainmneoidh an tAire comhalta amháin den Bhord mar chathaoirleach.

(6) Íocfar le comhaltaí an Bhoird cibé luach saothair (más ann) agus cibé liúntais i leith caiteachas a thabhóidh siad a chinnfidh an tAire ó am go ham le toiliú an Aire Airgeadais.

(7) Beidh gach comhalta den Bhord i seilbh oifige ar cibé téarmaí (seachas luach saothair agus liúntais i leith caiteachas a íoc) a chinnfidh an tAire tráth a cheaptha nó a ceaptha.

(8) Ar chothromdháta an lae bunaithe agus, dá éis sin, ar gach cothromdháta den lá bunaithe, éireoidh beirt chomhalta den Bhord (seachas an cathaoirleach agus an príomhoifigeach feidhmiúcháin) as oifig.

(9) Is iad na comhaltaí a éireoidh as oifig in aon bhliain faoi *fho-alt* (8) ná na comhaltaí sin is faide in oifig ó ceapadh go deireanach iad agus i gcás comhaltaí a bheith ann a ceapadh an lá céanna agus a mbeidh orthu éirí as faoi *fho-alt* (8), is le crannchur a chinnfear cé hiad na comhaltaí atá le héirí as, mura rud é go gcomhaontóidh na comhaltaí sin a mhalairt.

(10) Ní fhónfaidh comhalta den Bhord ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana as a chéile.

(11) Dícháileofar comhalta den Bhord chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin más rud é—

- (a) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,
- (b) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,
- (c) go gciontófar é nó í i gcion indíotáilte i ndáil le cuideachta,
- (d) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, nó
- (e) go ndícháileofar nó go srianfar é nó í ó bheith ina stiúrthóir ar aon chuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990).

(12) Féadfaidh comhalta den Bhord éirí as a chomhaltas nó a comhaltas aon tráth trí litir a bheidh dírithe chun an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta a shonrófar sa litir sin nó ar an dáta a gheobhaidh an tAire an litir, cibé acu is déanaí.

(13) Féadfaidh an tAire comhalta den Bhord a chur as comhaltas den Bhord aon tráth ar chúiseanna sonraithe, más rud é, i dtuairim an Aire, go mbeidh an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, mar gheall ar easláinte, ar a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh, nó gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó más dealraitheach don Aire gur gá é nó í a chur as comhaltas le go gcomhlíonfaidh an Gníomhaireacht feidhmeanna na Gníomhaireachta go héifeachtach.

(14) Más rud é go n-éagfaidh comhalta den Bhord, go n-éireoidh sé nó sí as, go scoirfidh sé nó sí, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe nó go gcuirtear é nó í as oifig, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord chun an corrpholúntas a tharla amhlaidh a líonadh agus déanfar an

Cd. II A.9

duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh sa tslí chéanna ar ceapadh an comhalta den Bhord ar tharla an corrholúntas dá bharr nó dá barr.

(15) Beidh comhalta den Bhord a rachaidh a thréimhse nó a tréimhse comhaltais in éag le himeacht aimsire in-athcheaptha mar chomhalta den Bhord.

(16) Déanfaidh an tAire, a mhéid is indéanta agus ag féachaint do thaithe iomchuí, a áirithiú go mbeidh cóimheá chothromasach ann idir fir agus mná i gcomhdhéanamh an Bhoird.

Cathaoirleach an Bhoird.

**10.**—(1) Is é 5 bliana téarma oifige chathaoirleach an Bhoird.

(2) Má scoireann cathaoirleach an Bhoird de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an mBord freisin.

(3) Féadfaidh cathaoirleach an Bhoird aon tráth éirí as a oifig nó as a hoifig mar chathaoirleach trí litir a sheolfar chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as, mura dtarraingeofar siar é roimhe sin i scríbhinn, nuair a thosóidh an cruinniú den Bhord is túsce a thionólfar tar éis don Aire an t-éirí as a chur in iúl don Bhord.

(4) Beidh cathaoirleach an Bhoird i seilbh oifige go dtí deireadh a thréimhse nó a tréimhse comhaltais den Bhord, mura túsce a éagfaidh sé nó sí nó a scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach de bhua *fho-alt* (2) nó (3) agus, má athcheaptar é nó í mar chomhalta den Bhord, beidh sé nó sí in-athcheaptha mar chathaoirleach ar an mBord.

Cruinniú den Bhord.

**11.**—(1) Tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Déanfaidh an tAire, i gcomhairle le cathaoirleach an Bhoird, an t-am a shocrú don chéad chruinniú den Bhord.

(3) 5 is córam do chruinniú den Bhord.

(4) Ag cruinniú den Bhord—

(a) beidh cathaoirleach an Bhoird, má bhíonn sé nó sí i láthair, ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, agus

(b) má bhíonn, agus fad a bheidh, cathaoirleach an Bhoird as láthair, nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, roghnóidh na comhaltaí den Bhord a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(5) Ag cruinniú den Bhord, beidh vóta ag gach comhalta den Bhord a bheidh i láthair, lena n-áirítear an cathaoirleach, agus déanfar aon cheist a n-éileofar vóta ina taobh chun tuairim an Bhoird ar an ábhar a shuíomh, a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Bhord a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta, is vóta réitigh, ag cathaoirleach an chruinnithe.

(6) Féadfaidh an Bord gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas i measc a chomhaltaí.

(7) Faoi réir an Achta seo, rialálfaidh an Bord, le buan-orduithe nó ar shlí eile, nós imeachta agus gnó an Bhoird.

**12.—(1)** Más rud é, i gcás comhalta den Bhord—

- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa,
- (c) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó
- (d) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil,

CD. II

Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

(2) Duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal faoi Bhuan-Orduithe cheachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is ionadaí i bParlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina ionadaí nó ina hionadaí amhlaidh, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

(3) Beidh duine is comhalta d'údarás áitiúil dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

**13.—(1)** Beidh príomhoifigeach ar an nGníomhaireacht ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, an príomhoifigeach feidhmiúcháin.

Príomhoifigeach feidhmiúcháin na Gníomhaireachta.

(2) Ceapfaidh an Bord an príomhoifigeach feidhmiúcháin.

(3) Sealbhóidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin oifig ar feadh cibé téarma nach mó ná tréimhse 10 mbliana agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear luach saothair), agus faoina réir, a chinnfidh an Bord, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(4) Is comhalta *ex officio* den Bhord agus de bhord Forfás an príomhoifigeach feidhmiúcháin, ar feadh ré a cheapacháin nó a ceapacháin.

(5) Déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin riarachán agus gnó na Gníomhaireachta a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an Bord.

(6) Ní shealbhóidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin aon oifig nó post eile ná ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó gan toiliú an Bhoird.

**14.—(1)** Féadfaidh an Bord coistí a bhunú chun cabhair agus comhairle a thabhairt dó i ndáil le haon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Coistí.

(2) Féadfaidh an Bord aon fheidhm nó aon fheidhmeanna dá chuid a tharmligean chuig coiste más dóigh leis an mBord, maidir le feidhm nó feidhmeanna den sórt sin, gur fearr nó gur caoithiúla is féidir le coiste í nó iad a fheidhmiú nó a chomhlíonadh.

(3) Cinnfidh an Bord téarmaí tagartha aon choiste agus féadfaidh sé níos imeachta aon choiste den sórt sin a rialáil.

(4) Ceapfaidh an Bord na comhaltaí de choiste.

Cd. II A.14

(5) Beidh ar choiste cibé líon comhaltaí is dóigh leis an mBord is cuí.

(6) Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Bhord nó d'fhoireann na Gníomhaireachta a bheith ar choiste.

(7) Féadfaidh an Bord comhalta de choiste, a mhainneoidh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, a chur as oifig aon tráth ar chúiseanna sonraithe.

(8) Féadfaidh an Bord aon tráth coiste a dhíscaoileadh.

(9) Féadfaidh an Bord duine a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar choiste.

(10) Beidh gníomhartha coiste faoi réir a ndaingnithe ag an mBord ach amháin i gcás ina scaoilfidh an Bord leis an riachtanas maidir le daingniú den sórt sin a dhéanamh.

(11) Íocfar as ioncam na Gníomhaireachta le comhaltaí coiste cibé liúntais i leith caiteachas a thabhoíd siad ag comhall a bhfeidhmeanna dóibh a chinnfidh an Bord, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(12) San alt seo ciallaíonn “coiste” coiste den Ghníomhaireacht a bhunófar faoin alt seo.

Leasanna a  
nochtadh.

**15.—(1)** I gcás leas airgid nó leas tairbhiúil eile a bheith ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin, ag comhalta den Bhord, ag comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó d'fhoireann Forfás ar iasacht chuig an nGníomhaireacht, ag comhalta de choiste a bhunófar faoi *alt 14*, nó ag sainchomhairleoir, comhairleoir nó duine eile a bheidh fostaithe ag an nGníomhaireacht, nó ag comhalta de bhord nó d'fhoireann fochuideachta, ar leas é in aon ní, nó ar leas é atá ábhartha i leith aon ní, a bheidh le breithniú ag an mBord nó ag coiste a bhunófar faoin Acht seo nó ag bord fochuideachta—

(a) déanfaidh sé nó sí, sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní sin, cineál a leasa a nochtadh don Bhord nó don choiste nó do bhord na fochuideachta, de réir mar a bheidh,

(b) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh le tionchar a imirt, ar chinneadh i ndáil leis an ní sin,

(c) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú ar an ní sin,

(d) más é nó í an príomhoifigeach feidhmiúcháin atá i gceist, nó más comhalta den Bhord, comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó d'fhoireann Forfás ar iasacht chuig an nGníomhaireacht nó comhalta de choiste a bhunófar faoi *alt 14* nó comhalta de bhord nó d'fhoireann na fochuideachta é nó í, tarraingeoidh sé nó sí siar ón gcruinniú fad a bheidh an ní á phlé nó á bhreithniú agus ní vótálfaidh sé nó sí ná ní ghníomhóidh sé nó sí thairis sin i gcáil an phríomhfheidhmeannaigh nó an chomhalta sin i ndáil leis an ní.

(2) Chun críocha an ailt seo, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar leas tairbhiúil a bheith ag duine más rud é—

(a) gur comhalta de chuideachta nó d'aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní dá dtagraítear san *fho-alt* sin, nó leas atá ábhartha i leith ní den sórt sin, é nó í nó aon

chomhalta dá theaghlach nó dá teaghlach, nó aon Cd. II A.15  
ainmnitheach dá chuid nó dá cuid nó de chuid aon  
chomhalta dá theaghlach nó dá teaghlach,

- (b) go mbeidh sé nó sí nó aon chomhalta dá theaghlach nó dá teaghlach i gcomhpháirtíocht le duine, nó ar fostú ag duine, ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní den sórt sin nó leas atá ábhartha ina leith,
- (c) gur páirtí é nó í nó aon chomhalta dá theaghlach nó dá teaghlach in aon chomhshocraíocht nó comhaontú (cibé acu infheidhmithe nó nach ea) i ndáil le talamh lena mbaineann ní den sórt sin, nó
- (d) go mbeidh leas tairbhiúil ag aon chomhalta dá theaghlach nó dá teaghlach in aon ní den sórt sin, nó leas atá ábhartha ina leith.

(3) Chun críocha an ailt seo ní mheasfar leas tairbhiúil in aon ní, nó leas atá ábhartha i leith aon ní, a bheith ag duine de bhíthin amháin leas a bheith aige nó aici nó ag aon chuideachta nó ag aon chomhlacht nó duine eile a luaitear i *bhfo-alt (2)* ar leas é atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dócha go n-imreoidh sé tionchar ar dhuine le linn dó nó di breithniú, plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist maidir leis an ní, nó le linn dó nó di aon fheidhm i ndáil leis an ní sin a chomhlíonadh.

(4) I gcás ina n-éireoidh ceist i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfadh duine é, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, is é an Bord nó bord na fochuideachta, de réir mar a bheidh, a chinnfidh an cheist agus déanfar sonraí faoin gcinneadh a thairfeadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann.

(5) I gcás ina ndéanfar nochtadh don Bhord nó do choiste de bhun *fho-alt (1)* nó do bhord fochuideachta, déanfar sonraí faoin nochtadh a thairfeadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann.

(6) I gcás ina mainneoidh duine dá dtagraítear san alt seo nochtadh a dhéanamh de réir an ailt seo, cinnfidh an Bord nó bord na fochuideachta, de réir mar a bheidh, an beart cuí (lena n-áirítear cur as oifig nó conradh a fhoirceannadh) a bheidh le déanamh.

**16.—(1)** Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le dlí agus le *fo-* Faisnéis a nochtadh.  
*alt (3)*, ní dhéanfaidh duine, gan toiliú an Bhoird, seachas i leith *mhír (f)*, aon fhaisnéis a nochtadh a bheidh faighte aige nó aici le linn dó nó di dualgais a chomhlíonadh (nó de thoradh dualgais a chomhlíonadh)—

- (a) mar chomhalta den Bhord,
- (b) mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin,
- (c) mar chomhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó de Forfás ar iasacht chuig an nGníomhaireacht,
- (d) mar chomhalta de choiste a bhunófar faoi *alt 14*,
- (e) mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir don Ghníomhaireacht nó mar fhostaí de chuid duine den sórt sin le linn dualgais a chomhlíonadh a bhaineann leis an gcomhairle nó leis an tsainchomhairle sin, nó

Cd. II A.16

(f) mar chomhalta de bhord nó d'fhoireann aon fochuideachta, nó mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir d'aon fochuideachta nó mar fhostaí de chuid duine den sórt sin a bhaineann leis an gcomhairle nó leis an tsainchomhairle sin, gan toiliú a fháil ó bhord na fochuideachta.

(2) Beidh duine a sháróidh *fo-alt (1)* ciontach i gcion agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil nach mó ná £1,500 a chur air nó uirthi.

(3) Ní choisfidh aon ní i *bhfo-alt (1)* nochtadh faisnéise i dtuarascáil a thabharfar don Gníomhaireacht nó, thar ceann na Gníomhaireachta, don Aire.

Séala na  
Gníomhaireachta.

**17.**—(1) Soláthróidh an Gníomhaireacht séala di féin a luaithe is féidir tar éis a bunaithe.

(2) Fíordheimhneofar séala na Gníomhaireachta le síniú—

(a) chathaoirleach an Bhoird, nó

(b) (i) comhalta den Bhord, nó

(ii) oifigeach don Gníomhaireacht,

a bheidh údaraithe ag an mBord chun gníomhú chuige sin.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala na Gníomhaireachta agus maidir le gach doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an Gníomhaireacht agus a bheith séalaithe le séala (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe de réir *fho-alt(2)*) na Gníomhaireachta, glactar i bhfianaise é agus measfar gur ionstraim den sórt sin é gan chruthúnas, mura suífeair a mhalairt.

(4) Féadfaidh comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó duine a bheidh údaraithe ag an mBord chuige sin i gcoitinne nó go speisialta aon chonradh nó ionstraim, nár ghá a bheith faoi shéala dá ndéanfadh nó dá bhforghníomhódh pearsa aonair é nó í, a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann na Gníomhaireachta.

Foireann na  
Gníomhaireachta  
agus  
fhochuideachtaí na  
Gníomhaireachta.

**18.**—(1) Féadfaidh an Gníomhaireacht cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh sí le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais a cheapadh ina gcomhaltaí d'fhoireann na Gníomhaireachta.

(2) Féadfaidh fochuideachta cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh sí le toiliú na Gníomhaireachta, an Aire agus an Aire Airgeadais a cheapadh ina gcomhaltaí d'fhoireann na fochuideachta.

(3) Déanfaidh an Bord nó bord na fochuideachta, de réir mar a bheidh, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, na gráid d'fhoireann na Gníomhaireachta nó fochuideachta agus an líon foirne i ngach grád agus an leibhéal cuí luach saothair do gach grád a chinneadh.

(4) Más rud é, i gcás comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó d'fhoireann fochuideachta—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó

- (c) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, CD. II A.18

beidh sé nó sí air sin ar iasacht óna fhostaíocht nó óna fostaíocht leis an nGníomhaireacht nó leis an bhfochuideachta agus ní íocfaidh an Gníomhaireacht leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón nGníomhaireacht, luach saothair ná liúntais i leith na tréimhse dar tosach tráth a ainmnithe nó a hainmnithe nó a thofa nó a tofa amhlaidh, nó an tráth a measfar amhlaidh é nó í a bheith tofa (de réir mar a bheidh), agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Teach sin nó ina ionadaí nó ina hionadaí sa Pharlaimint sin.

(5) Duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal faoi Bhuan-Orduithe cheachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is ionadaí i bParlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó fad is ionadaí den sórt sin é nó í, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó d'fhoireann fochuideachta.

(6) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

**19.**—(1) Duine a bheidh ar iasacht ó Forfás chuig an nGníomhaireacht faoi mhír 2(2) den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1993 agus a bheidh ar iasacht amhlaidh díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann Forfás agus beidh sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta.

Foireann Forfás ar iasacht chuig an nGníomhaireacht.

(2) Ach amháin de réir comhaontaithe chomhchoitinn arna chaibidil le haon cheardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine dá dtagraítear san alt seo ní lú, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís na Gníomhaireachta, an scála pá a gheobhaidh sé nó sí ná ní lú tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) ná an scála pá a raibh teideal aige nó aici chuige agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh theacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta.

(3) Maidir le sochair aoisliúntais a dheonófar faoi scéimeanna faoi alt 20 do dhaoine a bhí ina gcomhaltaí d'fhoireann Forfás ar iasacht chuig an nGníomhaireacht, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, agus maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad do na daoine sin ná na sochair agus na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh teideal acu chucu díreach roimh an lá sin.

(4) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

**20.**—(1) Déanfaidh an Gníomhaireacht scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do cibé comhaltaí d'fhoireann na Gníomhaireachta is cuí léi, nó ina leith, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

Aoisliúntas.

(2) Socróidh gach scéim den sórt sin an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim nó faoi na scéimeanna agus

Cd. II A.20

féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfar gach scéim den sórt sin a leasú nó a chúlghairm le scéim ina dhiaidh sin a ullmhófar, a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo.

(4) Déanfaidh an Ghníomhaireacht aon scéim a chuirfidh sí faoi bhráid an Aire faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais, a chur i bhfeidhm de réir a téarmaí.

(5) Ní dheonóidh an Ghníomhaireacht aon sochar aoisliúntais, ná ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht aon chomhshocraíochtaí eile chun sochar den sórt sin a chur ar fáil, do chomhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó ina leith seachas de réir scéime faoin alt seo nó le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(6) Má éiríonn aon díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais is iníoctha de bhun scéime nó scéimeanna faoin alt seo, nó maidir le méid aon sochair den sórt sin, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire chuig an Aire Airgeadais í agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Aire Airgeadais.

(7) Déanfar scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(8) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

Sain-  
chomhairleoirí agus  
comhairleoirí.

**21.**—Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ó am go ham, cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasfaidh sí is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh agus déanfaidh an Ghníomhaireacht aon táillí is iníoctha ag an nGníomhaireacht le sainchomhairleoir nó le comhairleoir a fhostófar faoin alt seo a íoc as airgead a bheidh faoina réir aici.

Tuarascáil bhliantúil  
agus cuntais.

**22.**—(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i cibé foirm a ordóidh an tAire, tuarascáil bhliantúil ar a gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Aire tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann sí agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais sin. Déanfar trácht sonrath i ngach tuarascáil bhliantúil den sórt sin ar nuálaíocht, ar fheidhmiú onnmhairí, ar fheidhmiú oiliúna, ar fheidhmiú taighde agus forbartha, ar chruthú post agus ar chailleadh post.

(2) Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a gheobhaidh sí agus a chaithfidh sí agus, go háirithe, coimeádfaidh sí, san fhoirm sin a dúradh, na cuntais speisialta go léir a ordóidh an tAire ó am go ham.

(3) Cuirfear cuntais na Gníomhaireachta faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste gach bliain lena n-íniúchadh cibé tráthanna a ordóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, agus déanfar na cuntais sin, nuair a bheidh siad iniúchta amhlaidh, mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu, a



thíolacadh don Aire, agus cuirfidh an tAire faoi deara go leagfar Cd. II A.22  
cóipeanna den chéanna faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

**23.—**(1) Tabharfaidh an Ghníomhaireacht don Aire cibé faisnéis maidir lena gníomhaíochtaí a cheanglóidh an tAire ó am go ham. Faisnéis don Aire agus do Forfás.

(2) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, aon fhochuideachta dá cuid agus aon choiste a bhunófar faoi *alt 14* cibé faisnéis a thabhairt do Forfás a cheanglóidh Forfás ó am go ham chun críocha a fheidhmeanna.

**24.—**(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, chun áitreabh a sholáthar is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí— Áitreabh na Gníomhaireachta.

(a) aon talamh, oifigí, saotharlanna nó áitreabh a cheannach nó a thógáil ar léas,

(b) oifigí, saotharlanna agus áitreabh a fhoirgniú, a threallmhú agus a chothabháil.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht aon talamh, oifigí, saotharlanna nó áitreabh a bheidh ar seilbh aici, agus nach mbeidh ag teastáil a thuilleadh chun a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí, a dhíol nó a léasú.

### CUID III

#### FORBAIRT AGUS AN BORD TRÁCHTÁLA A DHÍSCAOILEADH AGUS FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

**25.—**(1) Ar an lá bunaithe tiocfaidh Forbairt agus an Bord Tráchtála chun bheith, agus beidh siad, díscailte. Forbairt agus an Bord Tráchtála a dhíscailteadh.

(2) Déanfar tagairtí in aon Acht den Oireachtas (seachas an tAcht Méadreolaíochta, 1996) arna rith roimh an lá bunaithe nó in aon ionstraim arna déanamh roimh an lá sin faoi Acht den Oireachtas (seachas an tAcht Méadreolaíochta, 1996) do Forbairt nó don Bhord Tráchtála a fhorléiriú, amháil ar an lá sin agus dá éis, mar thagairtí don Ghníomhaireacht.

**26.—**(1) Déanfar, agus déantar leis seo, na nithe seo a leanas a aistriú ar an lá bunaithe chuig an nGníomhaireacht— Sócmhainní agus dlíteanais Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) agus an Bhoird Tráchtála a aistriú.

(a) an mhaoin go léir, agus na cearta a bhaineann leis an maoin sin, a bhí díreach roimh an lá sin ar seilbh nó ar teachtadh ag Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí), agus ag an mBord Tráchtála nó ag aon iontaobhaí nó gníomhaire dá chuid a bheidh ag gníomhú thar a cheann, agus

(b) na dlíteanais go léir arna dtabhú roimh an lá sin ag Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) nó ag an mBord Tráchtála nó ag aon iontaobhaí nó gníomhaire dá chuid a bheidh ag gníomhú thar a cheann ar dlíteanais iad nár urscaoileadh roimh an lá sin,

agus, dá réir sin, gan aon tíolacadh, aistriú ná sannadh breise—

(i) beidh an mhaoin sin, réadach agus pearsanta, an lá sin, arna dílsiú don Ghníomhaireacht go feadh an eastáit, an téarma nó an leasa go léir ar a raibh an céanna, díreach roimh an lá sin, dílsithe amhlaidh do Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) nó don Bhord

Cd. III A.26

Tráchtála, de réir mar a bheidh, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don mhaoín agus a bheidh ar marthain agus is inchomhlíonta,

(ii) beidh na cearta sin, amhail ar an agus ón lá sin, ar teachtadh ag an nGníomhaireacht, agus

(iii) amhail ar an agus ón lá sin, is dliteanais de chuid na Gníomhaireachta na dliteanais sin.

(2) Déanfar an t-airgead, na stoic, na scaireanna agus na hurrúis go léir a aistrítear chuig an nGníomhaireacht leis an alt seo agus atá, ar an lá bunaithe, in ainm Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) nó an Bhoird Tráchtála nó aon iontaobhaí nó gníomhaire dá chuid a dúradh, a aistriú chun ainm na Gníomhaireachta, ar an nGníomhaireacht á iarraidh sin.

(3) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear leis an alt seo chuig an nGníomhaireacht féadfaidh an Ghníomhaireacht, ar an lá bunaithe nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a chur i bhfeidhm ina hainm féin nó féadfar, an lá sin nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a chur i bhfeidhm ina coinne ina hainm féin agus ní gá don Ghníomhaireacht fógra faoin aistriú sin a thabhairt don duine a ndéantar a cheart nó a ceart nó a dliteanas nó a dliteanas a aistriú leis an alt seo.

Sócmhainní agus dliteanais Forbairt a bhaineann leis an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí a aistriú.

**27.—**(1) Déanfar, agus déantar leis seo, na nithe seo a leanas a aistriú ar an lá bunaithe chuig an ÚCNÉ—

(a) an mhaoín go léir, agus na cearta a bhaineann leis an maoin sin, a bhí díreach roimh an lá sin ar seilbh nó ar teachtadh ag Forbairt i ndáil leis an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí nó ag aon iontaobhaí nó gníomhaire dá chuid a bheidh ag gníomhú thar a cheann, agus

(b) na dliteanais go léir arna dtabhú roimh an lá sin ag Forbairt i ndáil leis an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí nó ag aon iontaobhaí nó gníomhaire dá chuid a bheidh ag gníomhú thar a cheann ar dliteanais iad nár urscaoileadh roimh an lá sin,

agus, dá réir sin, gan aon tíolacadh, aistriú ná sannadh breise—

(i) beidh an mhaoín sin, réadach agus pearsanta, an lá sin, arna dílsíú don ÚCNÉ go feadh an eastáit, an téarma nó an leasa go léir ar a raibh an céanna, díreach roimh an lá sin, dílsithe amhlaidh do Forbairt, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don mhaoín agus a bheidh ar marthain agus is inchomhlíonta,

(ii) beidh na cearta sin, amhail ar an agus ón lá sin, ar teachtadh ag an ÚCNÉ, agus

(iii) amhail ar an agus ón lá sin, is dliteanais de chuid an ÚCNÉ na dliteanais sin.

(2) Déanfar an t-airgead, na stoic, na scaireanna agus na hurrúis go léir a aistrítear chuig an ÚCNÉ leis an alt seo agus atá, ar an lá bunaithe, in ainm Forbairt agus a bhaineann leis an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlí nó in ainm aon iontaobhaí nó gníomhaire dá chuid a dúradh, a aistriú chun ainm an ÚCNÉ, ar an ÚCNÉ á iarraidh sin.

(3) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear leis an alt seo chuig an ÚCNÉ féadfaidh an ÚCNÉ, ar an lá bunaithe nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a chur i bhfeidhm ina ainm féin nó féadfar, an lá sin nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a chur i bhfeidhm ina choinne ina ainm féin agus ní gá don ÚCNÉ fógra faoin aistriú sin a thabhairt don duine a ndéantar a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas a aistriú leis an alt seo. Cd. III A.27

**28.**—(1) Gach banna, ráthaíocht nó urrús eile de chineál leanúnach a rinne nó a thug Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) nó an Bord Tráchtála, nó a rinneadh nó a tugadh thar a cheann, d'aon duine nó a thug aon duine do Forbairt nó don Bhord Tráchtála agus ar ghlac Forbairt nó an Bord Tráchtála leis nó léi nó ar glacadh leis nó léi thar a cheann agus gach Conradh nó comhaontú a rinneadh idir Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) nó an Bord Tráchtála, nó idir aon iontaobhaí nó gníomhaire den chéanna a bheidh ag gníomhú thar a cheann, agus aon duine eile, agus a bheidh i bhfeidhm ach nach mbeidh forghníomhaithe agus curtha i gcrích go hiomlán díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh siad i bhfeidhm ar an lá sin nó dá éis agus forléireofar iad agus beidh éifeacht leo amhail is dá gcuirfí ainm na Gníomhaireachta iontu in ionad ainm Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) nó an Bhoird Tráchtála nó, de réir mar is cuí, in ionad ainm a ionadaí nó a ghníomhaire a dúradh agus beidh siad infheidhmithe ag an nGníomhaireacht nó ina coinne.

Conarthaí leanúnacha áirithe a bhuanú agus tagairtí do Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) nó don Bhord Tráchtála a oiriúnú.

(2) Aon tagairtí do Forbairt (seachas i leith na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí) nó don Bhord Tráchtála, nó d'aon iontaobhaí nó gníomhaire den chéanna a bheidh ag gníomhú thar a cheann, a bhí díreach roimh an lá bunaithe i meabhrán agus in airteagail chomhlachais aon chuideachta, déanfar, ar an lá sin agus dá éis, iad a fhorléiriú mar thagairtí don Gníomhaireacht.

**29.**—Gach banna, ráthaíocht nó urrús eile de chineál leanúnach a rinne nó a thug Forbairt i ndáil leis an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí, nó a rinneadh nó a tugadh thar a cheann, d'aon duine nó a thug aon duine do Forbairt i ndáil leis an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí agus ar ghlac Forbairt leis nó léi nó ar glacadh leis nó léi thar a cheann agus gach Conradh nó comhaontú a rinneadh idir Forbairt i ndáil leis an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí, nó idir aon iontaobhaí nó gníomhaire den chéanna a bheidh ag gníomhú thar a cheann, agus aon duine eile, agus a bheidh i bhfeidhm ach nach mbeidh forghníomhaithe agus curtha i gcrích go hiomlán díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh siad i bhfeidhm ar an lá sin nó dá éis agus forléireofar iad agus beidh éifeacht leo amhail is dá gcuirfí ainm an ÚCNÉ iontu in ionad ainm Forbairt nó, de réir mar is cuí, in ionad ainm a iontaobhaí nó a ghníomhaire a dúradh agus beidh siad infheidhmithe ag an ÚCNÉ nó ina choinne.

Conarthaí leanúnacha áirithe a bhaineann leis an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí a bhuanú.

**30.**—Ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo difear do bhailíocht aon ghnímh a rinne Forbairt nó an Bord Tráchtála nó a rinneadh thar a cheann, roimh an lá bunaithe, agus beidh éifeacht le gach gníomh den sórt sin an lá sin agus dá éis má bhí sé, agus a mhéid a bhí sé, i ngníomh díreach roimh an lá sin, amhail is dá mba é an Gníomhaireacht nó an ÚCNÉ, de réir mar a bheidh, a rinne é nó amhail is dá mba gur thar a cheann nó thar a ceann a rinneadh é.

Cosaint do ghníomhartha áirithe.

**31.**—Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go bhfuil aon imeachtaí dlí ar feitheamh in aon chúirt nó binse agus gur páirtí sna himeachtaí Forbairt nó an Bord Tráchtála, nó aon iontaobhaí nó gníomhaire dá chuid a bheidh ag gníomhú thar a cheann, déanfar

Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.

Cd. III A.31

ainm na Gníomhaireachta nó an ÚCNÉ, de réir mar a bheidh, a chur in ionad ainm Forbairt agus déanfar ainm na Gníomhaireachta a chur in ionad ainm an Bhoird Tráchtála sna himeachtaí nó, de réir mar is cuí, in ionad ainm an iontaobhaí nó an ghníomhaire de a dúradh agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

Cuntais chríochnaitheacha.

**32.**—(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht cuntais chríochnaitheacha Forbairt agus an Bhoird Tráchtála a tharraingt suas a luaithe is féidir tar éis an lae bunaithe i cibé foirm a cheadóidh an tAire, i leith bhliain chuntasaíochta nó cuid de bhliain chuntasaíochta Forbairt agus an Bhoird Tráchtála dar críoch díreach roimh an lá bunaithe.

(2) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe is féidir, na cuntais a ullmhófar de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh agus, go díreach tar éis an iniúchta, déanfar cóip den chuntas ioncaim agus caiteachais agus den chlár comhardaithe agus de cibé cuid eile (más ann) de na cuntais a ordóidh an tAire agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais a thíolacadh don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

#### CUID IV

##### DEONTAIS AGUS GREASACHTAÍ TIONSCAIL

Deontais do Forfás, do GFT agus do Fiontraíocht Éireann.

**33.**—Leasaítear leis seo Acht 1993 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 11:

“Deontais do Forfás, do GFT agus do Fiontraíocht Éireann.

11.—(1) Féadfaidh an tAire deontais de cibé méideanna a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc le Forfás, le GFT agus le Fiontraíocht Éireann as airgead a sholáthróidh an tOireachtas—

(a) chun a chumasú do Forfás, do GFT agus do Fiontraíocht Éireann a chaiteachais riaracháin agus a chaiteachais ghinearálta a íoc, agus

(b) chun a oibleagáidí agus a dhliteanais a urscaoileadh.

(2) Ní mó ná £1,500,000,000 méid comhiomlán na ndeontas a thabharfaidh an tAire do Forfás agus do na Gníomhaireachtaí faoi *fho-alt (1)(b)* (seachas deontais lena mbaineann alt 14(3) d’Acht 1986).”.

Greasachtaí Tionscail.

**34.**—(1) Leasaítear leis seo Acht 1993 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 12:

“Greasachtaí Tionscail.

12.—(1) Gan cead a fháil roimh ré ón Rialtas, ní mó san iomlán méid iomlán an airgid a thabharfar do ghnóthas tionscail ar leith faoi aon alt dá dtagraítear in alt 34 d’Acht 1986 ná an tsuim is mó de na suimeanna seo a leanas—

(a) £4,000,000, nó

(b) £4,000,000 de bhreis ar mhéid Cd. IV A.34  
comhiomlán na ndeontas a bhfuarthas  
cead roimh ré ón Rialtas cheana féin  
ina leith.

(2) Féadfaidh Fiontraíocht Éireann agus GFT  
deontais a thabhairt ar cibé téarmaí agus  
coinníollacha is cuí leo chun duine a fhostú i  
dtionscal seirbhíse (de réir bhrí Acht 1986).”.

(2) Leasaítear leis seo Acht 1986—

- (a) in alt 24(5), trí “£1,200,000” a chur in ionad “£750,000”,
- (b) in alt 25(4), trí “£2,000,000” a chur in ionad “£1,250,000”,
- (c) in alt 26(2), trí “£1,200,000” a chur in ionad “£750,000”,
- (d) in alt 27(2), trí “£480,000” a chur in ionad “£300,000”,
- (e) in alt 28(4), trí “£3,200,000” a chur in ionad “£2,000,000”,
- (f) in alt 29(4)(a) agus (b), trí “£400,000” a chur in ionad  
“£250,000”,
- (g) in alt 29(7)(a) agus (b), trí “£800,000” a chur in ionad  
“£500,000”,
- (h) in alt 30(5)(a) agus (b), trí “£400,000” a chur in ionad  
“£250,000”,
- (i) in alt 30(6)(a) agus (b), trí “£800,000” a chur in ionad  
“£500,000”, agus
- (j) trí “£2,500,000” a chur in ionad “£1,500,000” in alt 31(4).

**35.**—Leasaítear leis seo an tAcht um Chuideachta Forbartha  
Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta (Leasú), 1986—

Deontais do  
Chuideachta  
Forbartha Aerfort  
Neamhchustam na  
Sionna Teoranta.

- (a) in alt 2, trí “£200,000,000” a chur in ionad “£150,000,000”  
(a cuireadh isteach le halt 10 den Acht um Fhorbairt  
Tionscail (Leasú), 1991), agus
- (b) in alt 3, trí “£250,000,000” a chur in ionad “£200,000,000”  
(a cuireadh isteach le halt 8 d’Acht 1995).

## CUID V

### FOIREANN NA GNÍOMHAIREACHTA FORBARTHA TIONSAIL (ÉIRE)

**36.**—(1) Féadfaidh GFT cibé daoine agus cibé líon daoine a  
chinnfidh sí, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, a cheapadh  
ina gcomhaltaí d’fhoireann GFT.

Foireann GFT agus  
fhochuideachtaí  
GFT.

(2) Féadfaidh fochuideachta cibé daoine agus cibé líon daoine a  
chinnfidh sí, le toiliú GFT, an Aire agus an Aire Airgeadais, a  
cheapadh ina gcomhaltaí d’fhoireann na fochuideachta.

(3) Déanfaidh an Bord nó bord na fochuideachta, de réir mar a  
bheidh, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, na gráid  
d’fhoireann GFT nó fochuideachta agus an líon foirne i ngach grád  
agus an leibhéal cuí luach saothair do gach grád a chinneadh.

Cd. V A.36

(4) Más rud é, i gcás comhalta d'fhoireann GFT nó d'fhoireann fochuideachta—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó

(c) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht óna fhostaíocht nó óna fostaíocht le GFT nó le fochuideachta agus ní íocfaidh GFT leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ó GFT, luach saothair ná liúntais i leith na tréimhse dar tosach tráth a ainmnithe nó a hainmnithe nó a thofa nó a tofa amhlaidh, nó an tráth a measfar amhlaidh é nó í a bheith tofa (de réir mar a bheidh), agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Teach sin nó ina ionadaí nó ina hionadaí sa Parlaimint sin.

(5) Duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal faoi Bhuan-Orduithe cheachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is ionadaí i bParlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó fad is ionadaí den sórt sin é nó í, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann GFT nó d'fhoireann fochuideachta.

(6) San alt seo ciallaíonn “fochuideachta” fochuideachta arna fáil nó arna foirmiú agus arna clárú ag GFT de bhun alt 5 d'Acht 1995.

(7) Tíocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

Foireann Forfás ar iasacht chuig GFT.

**37.—**(1) Duine a bheidh ar iasacht ó Forfás chuig GFT faoi mhír 2(2) den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1993 agus a bheidh ar iasacht amhlaidh díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann Forfás agus beidh sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann GFT.

(2) Ach amháin de réir comhaontaithe chomhchoitinn arna chaibidil le haon cheardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine dá dtagraítear san alt seo ní lú, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís GFT, an scála pá a gheobhaidh sé nó sí ná ní lú tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) ná an scála pá a raibh teideal aige nó aici chuige agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh theacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann GFT.

(3) Maidir le sochair aoisliúntais a dheonófar faoi scéimeanna faoi alt 38 do dhaoine a bhí ina gcomhaltaí d'fhoireann Forfás ar iasacht chuig GFT, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, agus maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad do na daoine sin ná na sochair agus na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh teideal acu chucu díreach roimh an lá sin.

(4) Tíocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

**38.**—(1) Déanfaidh GFT scéim nó scéimeanna, chun sochair Cd. V  
aoisliúntais a dheonú do cibé comhaltaí d'fhoireann GFT is cuí léi, Aoisliúntas.  
nó ina leith, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Socróidh gach scéim den sórt sin an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim nó faoi na scéimeanna agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfar gach scéim den sórt sin a leasú nó a chúlghairm le scéim ina dhiaidh sin a ullmhófar, a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo.

(4) Déanfaidh GFT aon scéim a chuirfidh sí faoi bhráid an Aire faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais, a chur i bhfeidhm de réir a téarmaí.

(5) Ní dheonóidh GFT aon sochar aoisliúntais, ná ní dhéanfaidh GFT aon chomhshocraíochtaí eile chun sochar den sórt sin a chur ar fáil, do chomhalta d'fhoireann GFT nó ina leith seachas de réir scéime faoin alt seo nó le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(6) Má éiríonn aon díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais is iníoctha de bhun scéime nó scéimeanna faoin alt seo, nó maidir le méid aon sochair den sórt sin, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire chuig an Aire Airgeadais í agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Aire Airgeadais.

(7) Déanfar scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(8) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

## CUID VI

### NITHE A BHAINNEANN LE FORFÁS AGUS LE GFT

**39.**—(1) Gach duine is comhalta d'fhoireann an Bhoird Tráchtála Foireann an Bhoird  
díreach roimh an lá bunaithe beidh sé nó sí, an lá sin, arna aistriú nó Tráchtála a aistriú  
arna haistriú chuig foireann Forfás agus ina chomhalta nó ina chuig Forfás.  
comhalta d'fhoireann Forfás.

(2) Ach amháin de réir comhaontaithe chomhchoitinn arna chaibidil le haon cheardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ní lú, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís Forfás, an scála pá a gheobhaidh sé nó sí ná ní lú tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) ná an scála pá a raibh teideal aige nó aici chuige agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá bunaithe.

(3) Maidir le sochair aoisliúntais a dheonófar faoi scéimeanna do dhaoine a bhí ina gcomhaltaí d'fhoireann an Bhoird Tráchtála agus a aistrítear chuig foireann Forfás agus a thagann chun bheith ina

Cd. VI A.39

gcomhaltaí d'fhoireann Forfás, leanfar díobh amhail is gur deonaíodh iad faoi mhír 3 den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1993, agus maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad do na daoine sin ná na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh teideal acu chucu roimh iad a aistriú.

Foireann an Fhorais a aistriú chuig Forfás.

**40.**—(1) Féadfaidh an tAire cibé comhaltaí agus cibé líon comhaltaí d'fhoireann an Fhorais a chinnfidh sé nó sí a ainmniú lena n-aistriú chuig Forfás.

(2) Beidh comhalta d'fhoireann an Fhorais a ainmneofar faoi *fho-alt (1)* arna aistriú nó arna haistriú chuig foireann Forfás agus ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann Forfás.

(3) Ach amháin de réir comhaontaithe chomhchoitinn arna chaibidil le haon cheardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, aon chomhalta d'fhoireann an Fhorais a aistrefar chuig foireann Forfás faoi *fho-alt (2)* ní lú, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís Forfás, an scála pá a gheobhaidh sé nó sí ná ní lú tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) ná an scála pá a raibh teideal aige nó aici chuige agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh é nó í a aistriú.

(4) Maidir le sochair aoisliúntais a dheonófar faoi scéimeanna do dhaoine a bhí ina gcomhaltaí d'fhoireann an Fhorais agus a aistrítear chuig foireann Forfás agus a thagann chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann Forfás, leanfar díobh amhail is gur deonaíodh iad faoi mhír 3 den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1993, agus maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad do na daoine sin ná na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh teideal acu chucu roimh iad a aistriú.

(5) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

Leasanna a nochtadh i ndáil le Forfás nó le GFT.

**41.**—(1) I gcás leas airgid nó leas tairbhiúil eile a bheith ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin, ag comhalta de bhord Forfás nó GFT, ag comhalta d'fhoireann Forfás nó GFT, nó ag comhalta d'fhoireann Forfás ar iasacht chuig GFT, ag comhalta de choiste arna bhunú faoi alt 10(2) (arna chur isteach le *halt 46*) d'Acht 1993, nó ag sainchomhairleoir, comhairleoir nó duine eile a bheidh fostaithe ag Forfás nó ag GFT, nó ag comhalta de bhord nó d'fhoireann fochuideachta, ar leas é in aon ní, nó ar leas é atá ábhartha i leith aon ní, a bheidh le breithniú ag bord Forfás nó GFT, de réir mar a bheidh, nó ag coiste arna bhunú faoi alt 10(2) d'Acht 1993 nó ag bord fochuideachta—

(a) déanfaidh sé nó sí, sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní sin, cineál a leasa a nochtadh don bhord lena mbaineann nó don choiste nó do bhord na fochuideachta, de réir mar a bheidh,

(b) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh le tionchar a imirt, ar chinneadh i ndáil leis an ní sin,

(c) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú ar an ní sin,



- (d) más é nó í an príomhoifigeach feidhmiúcháin atá i gceist, nó más comhalta de bhord nó d'fhoireann Forfás nó GFT nó d'fhoireann Forfás ar iasacht chuig GFT nó comhalta de choiste arna bhunú faoi alt 10(2) d'Acht 1993 nó comhalta de bhord nó d'fhoireann na fochuideachta é nó í, tarraingeoidh sé nó sí siar ón gcrúinniú fad a bheidh an ní á phlé nó á bhreithniú agus ní vótálfaidh sé nó sí ná ní ghníomhóidh sé nó sí thairis sin i gcáil an phríomhoifigigh feidhmiúcháin nó an chomhalta sin i ndáil leis an ní. Cd. VI A.41

(2) Chun críocha an ailt seo, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar leas tairbhiúil a bheith ag duine más rud é—

- (a) gur comhalta de chuideachta nó d'aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní dá dtagraítear san *fho-alt* sin, nó leas atá ábhartha i leith ní den sórt sin, é nó í nó aon chomhalta dá theaghlach nó dá teaghlach, nó aon ainmnitheach dá chuid nó dá cuid nó de chuid aon chomhalta dá theaghlach nó dá teaghlach,
- (b) go mbeidh sé nó sí nó aon chomhalta dá theaghlach nó dá teaghlach i gcomhpháirtíocht le duine, nó ar fostú ag duine, ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní den sórt sin nó leas atá ábhartha ina leith,
- (c) gur páirtí é nó í nó aon chomhalta dá theaghlach nó dá teaghlach in aon chomhshocraíocht nó comhaontú (cibé acu infheidhmithe nó nach ea) i ndáil le talamh lena mbaineann ní den sórt sin, nó
- (d) go mbeidh leas tairbhiúil ag aon chomhalta dá theaghlach nó dá teaghlach in aon ní den sórt sin, nó go mbeidh leas aige nó aici atá ábhartha ina leith.

(3) Chun críocha an ailt seo ní mheasfar leas tairbhiúil in aon ní, nó leas atá ábhartha i leith aon ní, a bheith ag duine de bhíthin amháin leas a bheith aige nó aici nó ag aon chuideachta nó ag aon chomhlacht nó duine eile a luaitear i *bhfo-alt (2)* ar leas é atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dócha go n-imreoidh sé tionchar ar dhuine le linn dó nó di breithniú, plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist maidir leis an ní, nó le linn dó nó di aon fheidhm i ndáil leis an ní sin a chomhlíonadh.

(4) I gcás ina n-éireoidh ceist i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfadh duine é, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, is é an Bord nó bord na fochuideachta, de réir mar a bheidh, a chinnfidh an cheist agus déanfar sonraí faoin gcinneadh a thairfeadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann.

(5) I gcás ina ndéanfar nochtadh do bhord Forfás nó GFT nó do choiste de bhun *fho-alt (1)* nó do bhord fochuideachta, déanfar sonraí faoin nochtadh a thairfeadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann.

(6) I gcás ina mainneoidh duine dá dtagraítear san alt seo nochtadh a dhéanamh de réir an ailt seo, cinnfidh an Bord nó bord na fochuideachta, de réir mar a bheidh, an beart cuí (lena n-áirítear cur as oifig nó conradh a fhoirceannadh) a bheidh le déanamh.

(7) San alt seo ciallaíonn “fochuideachta” fochuideachta arna fáil nó arna foirmiú agus arna clárú ag Forfás nó ag GFT de bhun alt 5 d'Acht 1995.

(8) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an lá bunaithe.

Cd. VI  
Cionta achaimre a  
ionchúiseamh.

42.—Féadfaidh Forfás imeachtaí i ndáil le cion achomair faoi *alt 16* nó faoi mhír 4 (arna cur isteach le *halt 47*) den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1993 a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

## CUID VII

### LEASÚ AR NA HAHTANNA UM FHORBAIRT TIONSCAIL, 1986 GO 1995

Leasú ar alt 28  
d'Acht 1986.

43.—Leasaítear leis seo alt 28 d'Acht 1986 trí “, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Oilíúna,” a scriosadh i bhfo-alt (1).

Leasú ar  
“Gníomhaireacht”  
etc., in Acht 1993.

44.—(1) Leasaítear leis seo alt 2(1) d'Acht 1993—

(a) tríd an míniú ar “Gníomhaireacht” a scriosadh, agus

(b) trí na mínithe seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an tAire”:

“ciallaíonn ‘an tAire’ an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;

ciallaíonn ‘fochuideachta’ fochuideachta arna fáil nó arna foirmiú agus arna clárú ag Forfás nó ag GFT de bhun alt 5 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995.”.

(2) Leasaítear leis seo Acht 1993 (seachas alt 9(3) de agus mír 2(2) den Dara Sceideal a ghabhann leis) trí “GFT” a chur in ionad “gach Gníomhaireacht” nó “gach Gníomhaireachta” agus “ceachtar Gníomhaireacht” nó “ceachtar Gníomhaireachta” i ngach áit ina bhfuil na focail sin.

(3) Leasaítear leis seo alt 9(1) agus (2) d'Acht 1993 trí “Fiontraíocht Éireann” a chur in ionad “Forbairt”.

(4) Leasaítear leis seo alt 9(3) d'Acht 1993 trí “, do Fiontraíocht Éireann agus do GFT” a chur in ionad “agus do gach Gníomhaireacht”.

(5) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an lá bunaithe.

Leasú ar  
fheidhmeanna  
Forfás.

45.—(1) Leasaítear leis seo alt 6 d'Acht 1993—

(a) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (b) agus (c):

“(b) comhairle a thabhairt maidir le forbairt agus comhordú beartais le haghaidh Fiontraíocht Éireann, GFT agus cibé comhlachtaí eile (arna mbunú le reacht nó faoi reacht) a ainmneoidh an tAire le hordú,

(c) forbairt tionscail, eolaíochta agus teicneolaíochta, nuálaíochta, margáíochta agus acmhainní daonna a spreagadh sa Stát,”

agus

(b) i mír (e), trí “Fiontraíocht Éireann” a chur in ionad “Forbairt”, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Gach ordú a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is

féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.”

CD. VII A.45

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an lá bunaithe.

**46.**—(1) Leasaítear leis seo alt 10 d’Acht 1993 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2) agus (3):

Coistí de chuid Forfás agus GFT.

“(2) Féadfaidh Bord Forfás nó GFT coistí a bhunú chun cabhair agus comhairle a thabhairt dó i ndáil le haon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(3) Féadfaidh an Bord aon fheidhm nó aon fheidhmeanna dá chuid a tharmligean chuig coiste más dóigh leis an mBord, maidir le feidhm nó feidhmeanna den sórt sin, gur fearr nó gur caoithiúla is féidir le coiste í nó iad a fheidhmiú nó a chomhlíonadh.

(4) Cinnfidh an Bord téarmaí tagartha aon choiste a bhunaigh sé agus féadfaidh sé nós imeachta aon choiste den sórt sin a rialáil.

(5) Ceapfaidh an Bord na comhaltaí de choiste a bhunaigh an Bord sin.

(6) Beidh ar choiste cibé líon comhaltaí is cuí leis an mBord a bhunaigh é.

(7) Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Bhord nó d’fhoireann Forfás nó GFT a bheith ar choiste.

(8) Maidir le comhalta de choiste a mhainneoidh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an Bord a cheap an comhalta sin é nó í a chur as oifig aon tráth ar chúiseanna sonraithe.

(9) Féadfaidh an Bord aon tráth coiste a bhunaigh sé a dhíscaoileadh.

(10) Féadfaidh an Bord duine a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar choiste a bhunaigh sé.

(11) Beidh gníomhartha coiste faoi réir a ndaingnithe ag an mBord a bhunaigh é ach amháin i gcás ina scaoilfidh an Bord leis an riachtanas maidir le daingniú den sórt sin a dhéanamh.

(12) Íocfar as ioncam Forfás nó GFT le comhaltaí coiste a bhunaigh sé cibé liúntais i leith caiteachas a thabhoíd siad ag comhall a bhfeidhmeanna dóibh a chinnfidh an Bord le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(13) San alt seo ciallaíonn ‘coiste’ coiste de chuid Forfás nó GFT a bhunófar faoin alt seo.”

(2) Aon choiste a bhunaigh Forfás nó GFT faoi alt 10(2) d’Acht 1993 agus a bhí ann díreach roimh an Acht seo a rith leanfaidh sé de bheith ann amháin is dá mbeadh sé bunaithe faoin alt sin arna leasú amhlaidh leis an alt seo.

Cd. VII  
Leasú ar Sceidil a  
ghabhann le hAcht  
1993.

47.—(1) Leasaítear leis seo an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1993—

(a) i mír 3(1), trí “an lae bunaithe” a chur in ionad “thosach feidhme an Achta seo”, agus

(b) i mír 4, trí fhomhír (3) a scriosadh.

(2) Leasaítear leis seo an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1993—

(a) i mír 2, trí “le GFT, le Fiontraíocht Éireann nó leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann” a chur in ionad “le ceachtar Gníomhaireacht nó le haon chomhlacht eile a bhunaítear faoin Acht seo” i bhfomhír (2),

(b) i mír 3, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (3):

“(4) Déanfar scéim faoin mír seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.”,

agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhíreanna 4 agus 5—

“4. (1) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le dlí agus le mír 3, ní dhéanfaidh duine, gan toiliú an Bhoid, seachas i leith chlásal (f) den fhomhír seo, aon fhaisnéis a nochtadh a bheidh faighte aige nó aici le linn dó nó di dualgais a chomhlíonadh (nó de thoradh dualgais a chomhlíonadh)—

(a) mar chomhalta den Bhord,

(b) mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin,

(c) mar chomhalta d’fhoireann Forfás nó GFT nó de Forfás ar iasacht chuig GFT,

(d) mar chomhalta de choiste a bhunófar faoi alt 10(2),

(e) mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir do Forfás nó do GFT nó mar fhostaí de chuid duine den sórt sin le linn dualgais a chomhlíonadh a bhaineann leis an gcomhairle nó leis an tsainchomhairle sin,

(f) mar chomhalta de bhord nó d’fhoireann aon fhochuideachta, nó mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir d’aon fochuideachta nó mar fhostaí de chuid duine den sórt sin a bhaineann leis an gcomhairle nó leis an tsainchomhairle sin, gan toiliú a fháil ó bhord na fochuideachta.

[1998.] *An tAcht um Fhorbairt Tionscail [Uimh. 34.] (Fiontraíocht Éireann), 1998.*

(2) Beidh duine a sháróidh *fo-alt (1)* ciontach i gcion agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil nach mó ná £1,500 a chur air nó uirthi. Cd. VII A.47

(3) Ní choisfidh aon ní san alt seo nochtadh faisnéise i dtuarascáil a thabharfar do Forfás nó do GFT nó, thar ceann Forfás nó GFT, don Aire.”.

(3) Tiocfaidh *mír (a) d’fho-alt (1)* agus *míreanna (a)* go *(c) d’fho-alt (2)* i ngníomh an lá bunaithe.

48.—(1) Leasaítear leis seo Acht 1995—

Leasú ar Acht 1995.

(a) in alt 5, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) San alt seo ciallaíonn ‘comhlacht forbartha tionscail’ Forfás, GFT nó Fiontraíocht Éireann.”,

(b) in alt 6—

(i) i bhfo-alt (1), trí “ag GFT agus ag Fiontraíocht Éireann” a chur in ionad “agus ag na Gníomhaireachtaí”,

(ii) i bhfo-alt (2), trí “do GFT nó do Fiontraíocht Éireann” a chur in ionad “do Ghníomhaireacht” agus trí “GFT nó Fiontraíocht Éireann” a chur in ionad “Gníomhaireacht”,

(iii) i bhfo-alt (3)(b), trí “faoina réir ag GFT agus ag Fiontraíocht Éireann” a chur in ionad “faoina réir ag an nGníomhaireacht”, agus

(iv) i bhfo-alt (5), trí “, GFT agus Fiontraíocht Éireann” a chur in ionad “agus na Gníomhaireachtaí”,

agus

(c) in alt 9, trí “, GFT nó Fiontraíocht Éireann” a chur in ionad “nó na Gníomhaireachtaí”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an lá bunaithe.

## CUID VIII

NITHE A BHAINNEANN LEIS AN tSEIRBHÍS MHÉADREOLAÍOCHTA DLÍ AGUS LEIS AN ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

49.—(1) Leasaítear leis seo an tAcht Méadreoilaíochta, 1996—

Leasú ar an Acht Méadreoilaíochta, 1996.

(a) trí “an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann” a chur in ionad “Forbairt” in ailt 4(1), 7(4), 9(1) agus (3), 12(4) agus 21(1), (2) agus (5) agus trí “an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann” a chur in ionad “Forbairt” in alt 11,

(b) in alt 7(2), trí “laistigh de Forbairt agus beidh éifeacht dá réir sin leis an gCéad Sceideal agus leis an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993.” a scriosadh, agus

(c) in alt 9(1)(a), trí “nó an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann” a chur isteach i ndiaidh “Forfás”.

Cd. VIII A.49

(2) Aistrefar an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí a bunaíodh faoi alt 7(1) den Acht Méadreolaíochta, 1996, chuig an ÚCNÉ agus fanfaidh sí ar marthain laistigh de.

(3) Maidir le duine a bheidh ceaptha ag Forbairt ina chigire nó ina cigire faoi alt 9 den Acht Méadreolaíochta, 1996, agus a mbeidh a cheapachán nó a ceapachán i bhfeidhm díreach roimh an lá bunaithe, measfar é nó í a bheith ceaptha ag an ÚCNÉ faoin alt sin.

(4) Aon eagraíocht a bheidh ainmnithe ag Forbairt faoi alt 21 den Acht Méadreolaíochta, 1996, measfar, i gcás ina mbeidh an t-ainmniúchán i bhfeidhm díreach roimh an lá bunaithe, í a bheith ainmnithe ag an ÚCNÉ.

(5) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an lá bunaithe.

Foireann Forfás a aistriú chuig an ÚCNÉ.

**50.**—(1) Féadfaidh an tAire cibé comhaltaí agus cibé líon comhaltaí d’fhoireann Forfás nó na Gníomhaireachta a chinnfidh sé nó sí a ainmniú lena n-aistriú chuig foireann an ÚCNÉ.

(2) Beidh comhalta d’fhoireann Forfás nó na Gníomhaireachta a ainmneofar faoi *fho-alt (I)* arna aistriú nó arna haistriú chuig foireann an ÚCNÉ agus ina chomhalta nó ina comhalta d’fhoireann an ÚCNÉ.

(3) Ach amháin de réir comhaontaithe chomhchoitinn arna chaibidil le haon cheardchumainn nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, aon chomhalta d’fhoireann Forfás nó na Gníomhaireachta a aistrefar chuig foireann an ÚCNÉ faoin alt seo ní lú, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís an ÚCNÉ, an scála pá a gheobhaidh sé nó sí ná ní lú tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) ná an scála pá a raibh teideal aige nó aici chuige agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh é nó í a aistriú.

(4) Maidir le sochair aoisliúntais a dheonófar faoi scéimeanna faoi mhír 3 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996, do dhaoine a bhí, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, ina gcomhaltaí d’fhoireann Forfás nó na Gníomhaireachta agus arna n-ainmniú agus arna n-aistriú faoin alt seo, agus maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad do na daoine sin ná na sochair agus na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh teideal acu chucu díreach roimh an lá sin.

(5) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

Leasú ar an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996.

**51.**—Leasaítear leis seo an tAcht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996—

(a) in alt 7 (1)—

(i) trí “caighdeán;” a chur in ionad “caighdeán; agus” i mír (k),

(ii) trí “comhréireachta; agus” a chur in ionad “comhréireachta.” i mír (l), agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (l):

“(m) úsáid agus feidhmiú na méadreolaíochta a spreagadh sa Stát.”,

(b) in alt 30—

CD. VIII A.51

(i) trí fho-alt (1) a scriosadh, agus

(ii) i bhfo-alt (4), trí “Acht” a chur in ionad “alt”,

(c) i mír 31, trí “faoi Chuid III den Acht seo” a chur in ionad “faoi Acht seo”,

(d) sa Dara Sceideal, trí mhíreanna 3(9) agus (10), 4 agus 6 a scriosadh, agus

(e) i mír 5(2) den Dara Sceideal, trí “agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil nach mó ná £1,500 a chur air nó uirthi” a chur isteach i ndiaidh “cion”.

## CUID IX

### FOLÚNTAIS AR FHOIREANN FORFÁS, FIONTRAÍOCHT ÉIREANN, GFT NÓ AN ÚCNÉ

**52.**—I gcás ina n-éireoidh folúntas le haghaidh poist ar fhoireann Forfás, na Gníomhaireachta, GFT nó an ÚCNÉ, féadfaidh comhalta d’fhoireann aon chomhlachta díobh sin iarratas a dhéanamh chun an folúntas a líonadh agus breithneoidh an comhlacht ina dtarlóidh an folúntas a iarratas nó a hiarratas.

Folúntais a líonadh ar fhoireann Forfás, Fiontraíocht Éireann, GFT nó an ÚCNÉ.

## AN SCEIDEAL

Alt 4.

### NA HACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

Uimhir agus Bliain (1)	Achtachán (2)	Méid na hAisghairme (3)
Uimh. 20 de 1959	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959	An tAcht go léir
Uimh. 20 de 1963	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1963	An tAcht go léir
Uimh. 1 de 1967	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1967	An tAcht go léir
Uimh. 4 de 1969	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1969	An tAcht go léir
Uimh. 34 de 1971	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1971	An tAcht go léir
Uimh. 18 de 1974	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1974	An tAcht go léir
Uimh. 21 de 1977	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1977	An tAcht go léir
Uimh. 18 de 1980	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1980	An tAcht go léir
Uimh. 4 de 1983	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1983	An tAcht go léir
Uimh. 39 de 1983	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú) (Uimh. 2), 1983	An tAcht go léir
Uimh. 13 de 1987	An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1987	Alt 3
Uimh. 30 de 1987	An tAcht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, 1987	Alt 3
Uimh. 22 de 1991	An tAcht um Thrádáil agus Margaíocht a Spreagadh, 1991	An tAcht go léir
Uimh. 30 de 1991	An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 1991	An tAcht go léir
Uimh. 14 de 1994	An tAcht um Thrádáil agus Margaíocht a Spreagadh (Leasú), 1994	An tAcht go léir
Uimh. 19 de 1993	An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1993	Alt 7